NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréacht-Ráiteas Cláir agus ar dhréacht-réimsí curaclaim do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

Meitheamh 2024

# Clár Ábhar


**CLÁR ÁBHAR** ........ 1

**Liosta Giorrúchán** ........ 3

**RÉAMHRÁ** ........ 5

**CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN** ........ 6

**Cur Chuige Modheolaíoch** ........ 6

**Freagraí ar an gComhairliúchán** ........ 7

**Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn** ........ 8

**CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN** ........ 9

**Tuairimí ginearálta maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir** ........ 9

**Cuspóir, Pleanáil agus 'Riachtanais an Chláir'** ........ 9

**Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?** ........ 10

**Teagasc agus Foghlaim** ........ 11

**Measúnú** ........ 11

- Contanam Dul chun Cinn ........ 11
- Cé gur aontaigh rannpháirtithe ar fud gach modha rannpháirteachais gur gá go mbeadh an Contanam Dul chun Cinn ann, scríobhadh go leor tráchtanna sna haighneachtaí scríofa faoin gcur síos ar roinnt de na céimeanna dul chun cinn ar an gcontanam. ........ 12
- Punann ........ 12

**Gnóthachtáil a chúiteamh** ........ 14

- Tuairisceoirí Gnóthachtála ........ 15

**Réimsí Curaclaim: Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht** ........ 15

- Freagra ginearálta ar na réimsí curaclaim ........ 15
- Struchtúr agus eagrú na réimsí curaclaim agus na modúl ........ 16
- Freagairt ar gach réimse curaclaim ........ 16

**CUID 3: AISEOLAS EILE A THÁINIG CHUN CINN SA CHOMHAIRLIÚCHÁN** ........ 18

**Soláthar curaclaim Leibhéal 3 na sraithe sinsearaí** ........ 18

**Ionchuimsitheacht cháilíochtaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2** ........ 18

**Ailíniú teanga** ........ 19

**Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)** .......... **19**

**Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil** .......... **19**

**Am gairmiúil** .......... **19**

**Stádas bunscoile na scoileanna speisialta** .......... **20**

**Leanúnachas, dul chun cinn agus conairí i ndiaidh na sraithe sinsearaí.** .......... **20**

**CUID 4: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL** .......... 21

**Údair Mhachnaimh** .......... **21**

**Tátal** .......... **21**

**TAGAIRTÍ** .......... 23

# Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| LT | Leanúntas Tacaíochta |
| OCBÁC | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| RO | An Roinn Oideachais |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh |
| RGCS | an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| SS | An tSraith Shóisearach |
| ATF | an Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| ATB | An Ardteistiméireacht Bhunaithe |
| CFL1 | Clár Foghlama Leibhéal 1 |
| CFL2 | Clár Foghlama Leibhéal 2 |
| CF | Clár Foghlama |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| LNF | Líonra Náisiúnta Foghlama |
| CO | Corpoideachas |
| SRSD | Socruithe Réasúnta do Scrúduithe Deimhnithe |
| OR | Oideachas Reiligiúin |
| SS | An tSraith Shinsearach |
| MOS | Múinteoir Oideachais Speisialta |
| SLMOS | Samhail Leithdháilte do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta |
| OSSP | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| FGM | Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí |

# Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Tá an méid seo a leanas i gceist leis na céimeanna atá leagtha amach sa Tuarascáil Chomhairleach: forbairt ar mhodúil leantacha sa tsraith shinsearach don scoláire atá i mbun staidéir ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) sa tsraith shóisearach. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre a leagadh amach sa phlean uaillmhianach chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt. Ar cheann de na gníomhartha sa phlean bhí cáilíocht nua a thabhairt isteach ag Leibhéal 1 (T1) agus Leibhéal 2 (T2) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Bunaíodh meitheal forbartha chun tabhairt faoin Ráiteas Cláir agus dréacht-réimsí curaclaim a fhorbairt do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Threoraigh Cáipéis Eolais agus Treoir obair na Meithle Forbartha RSO Iar-bhunscoile, a foilsíodh do chomhairliúchán poiblí i mí an Mhárta 2023. Bhí plé na Meithle Forbartha bunaithe ar aiseolas ón gcomhairliúchán, a foilsíodh i dtuarascáil chomhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2023.

Cuireadh an dréacht-Ráiteas Cláir do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí agus dhá réimse curaclaim (Uimhearthacht, agus Cumarsáid agus Litearthacht) ag an dá leibhéal ar fáil do chomhairliúchán poiblí ón 14 Feabhra go dtí an 10 Aibreán, 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus ionraice a lorg maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir nua agus na réimsí curaclaim.

Go ginearálta, d'fháiltigh freagraí an chomhairliúcháin roimh thabhairt isteach na gclár foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach, ag tógáil ar chláir na sraithe sóisearaí. D'aontaigh na rannpháirtithe go bhfuil tábhacht ag baint le haitheantas foirmiúil a thabhairt d'fhoghlaim agus dul chun cinn gach scoláire sa tsraith shinsearach. Chonacthas dóibh go raibh struchtúr na gclár foghlama leathan, cothrom agus go raibh baint aige le spéiseanna agus riachtanais an scoláire. Bhíothas den tuairim chomh maith gur thug sé roinnt neamhspleáchais do scoileanna. É sin ráite, leagadh béim ar an ngá go mbeadh rogha ag an scoláire i leith a réimsí spéise. Fáiltíodh, tríd is tríd, roimh thabhairt isteach an deimhnithe sheachtraigh ar obair an scoláire, chomh maith le teastasú a ghnóthachtálacha. D'fháiltigh rannpháirtithe roimh réimsí curaclaim na hUimhearthachta, na Cumarsáide agus na Litearthachta, ach bhí tuairimí measctha ann i leith roinnt de na torthaí foghlama.

Tabharfar níos mó eolais ar aiseolas an chomhairliúcháin sna codanna seo a leanas den tuairisc. I gCuid a hAon tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas comhairliúcháin agus i gCuid a Dó tugtar léargas ginearálta ar an aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir agus na réimsí curaclaim. I gCuid a Trí tugtar achoimre ar réimsí aiseolais eile, agus tugtar le chéile na príomhléargais ón gcomhairliúchán sa chonclúid, chomh maith leis na chéad chéimeanna eile maidir le forbairt Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur Chuige Modheolaíoch

Bhain na modhanna rannpháirtíochta seo a leanas leis an gcomhairliúchán ar an dréacht-Ráiteas Cláir agus na réimsí curaclaim:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Fócasghrúpaí réigiúnacha le múinteoirí agus ceannairí scoile
- Réimse d'fhócasghrúpaí scoilbhunaithe chun léargais a fháil ó scoláirí, ó thuismitheoirí, ó

mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála don suirbhé ar líne, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa. Spreagadh eagraíochtaí oideachais agus páirtithe leasmhara chun aighneacht scríofa a chur isteach, ina ndéantar cur síos ar a bhfreagra ar an dréacht-Ráiteas Cláir agus na réimsí curaclaim. Bhí an suirbhé ar líne oscailte do dhaoine aonair nó dóibh siúd ar mhian leo freagra a thabhairt thar ceann eagraíochta. Reáchtáladh grúpaí fócais réigiúnacha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i mBaile Átha Luain, i mBaile Átha Cliath, agus i Luimneach. Ní raibh cead ag scoileanna níos mó ná beirt thoscairí a chur chuig na seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa chun a chinntiú go bhféadadh an réimse ba leithne scoileanna agus ab fhéidir freastal ar na seisiúin.

Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh sampla ionadaíoch deich scoil ó 44 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán maidir le forbairtí curaclaim. Roghnaíodh na deich scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Lorgaíodh aontú an scoláire agus cead tuismitheora d'aon scoláire a bhí ag glacadh páirt sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe.

Bhí fócasghrúpaí réigiúnacha agus scoilbhunaithe bunaithe ar shraith ceisteanna oscailte, a úsáideadh chun rochtain a fháil ar thuairimí na rannpháirtithe. Rinneadh taifeadadh scríofa de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí. Rinneadh an t-aiseolas a anaithnidiú, agus coinníodh an t-aiseolas ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán.

Rinneadh iarracht sa chomhairliúchán cúig réimse leathan fócais ar an dréacht-Ráiteas Cláir a iniúchadh:

- Cuspóir, Pleanáil agus 'Riachtanais an Chláir'
- Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?

- Teagasc agus Foghlaim
- Measúnú
- Gnóthachtáil a Chúiteamh

Bailíodh aiseolas freisin maidir leis an dá réimse curaclaim ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2:

- Cumarsáid agus Litearthacht
- Uimhearthacht.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe de réir réimsí leathana fócais sa chomhairliúchán. Chabhraigh sé seo an t-aiseolas a fuarthas ón eolas bailithe a rangú, a mheas agus a chur i dtoll a chéile. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a dó den tuarascáil seo.

## Freagraí ar an gComhairliúchán

Chinntigh úsáid réimse leathan modhanna rannpháirtíochta gurbh fhéidir le duine ar bith a raibh sé de mhian aige ionchur a bheith aige sa chomhairliúchán déanamh amhlaidh. D'éascaigh na suirbhéanna ar líne agus na haighneachtaí scríofa aiseolas a bhailiú ó shampla ionadaíoch leathan de rannpháirtithe, agus d'éascaigh na fócasghrúpaí réigiúnacha agus scoilbhunaithe plé agus aiseolas níos fairsinge, níos doimhne.

Tugtar léargas i dTábla 1 ar leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin. Ba mhúinteoirí agus ceannairí scoile ó réimse leathan suíomhanna a thug na freagraí ar an suirbhé ar líne. Tá liosta na n-eagraíochtaí agus na ndaoine aonair a chuir aighneachtaí i scríbhinn isteach agus ar mhian leo a bheith luaite ar fáil in Aguisíní 1 agus 2.

| Modh rannpháirtíochta | Rannpháirtithe | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Ceannairí scoile<br>Múinteoirí | 10<br>40 |
| Aighneachtaí scríofa | Daoine aonair<br>Eagraíochtaí | 7<br>8 |
| Fócasghrúpaí réigiúnacha | Príomhshruth, rang speisialta, múinteoirí i scoileanna speisialta agus ceannairí scoile | 44 |

| | | |
|---|---|---|
| Fócasghrúpaí scoile | Sampla ionadaíoch de 10 scoil, roinnte go cothrom idir scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta, le 4 shraith agallamh in aghaidh na scoile | 87 |

**Tábla 1: Rannpháirtíocht sa chomhairliúchán**

| Comhthéacsanna | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|
| *Múinteoir i Scoil Phríomhshrutha* | 18 |
| *Múinteoir i Scoil Speisialta* | 12 |
| *Leas-Phríomhoide ar Scoil Speisialta* | 9 |
| *Príomhoide ar Scoil Speisialta* | 3 |
| *Leas-Phríomhoide ar Scoil Phríomhshrutha* | 2 |
| *Eile* | 3 |
| *Múinteoir as Gaeilge* | 1 |

**Tábla 2: Déimeagrafaic fhreagróirí an tsuirbhé ar líne.**

| Rannpháirtithe | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|
| *Múinteoirí* | 35 |
| *Scoláirí* | 25 |
| Tuismitheoirí | 22 |
| *Bainistíocht Scoile* | 15 |
| *Leas-Phríomhoide ar Scoil Phríomhshrutha* | 2 |
| *Eile* | 3 |
| *Múinteoir as Gaeilge* | 1 |

**Tábla 3: Déimeagrafaic fhreagróirí na bhfócasghrúpaí scoile**

## Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn

Cuireadh eolas amach ar go leor bealaí maidir le conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, lena n-áirítear suíomh gréasáin CNCM, nuachtlitir CNCM, ardáin meán sóisialta, agus comhfhreagras a cuireadh chuig eagraíochtaí oideachais agus páirtithe leasmhara.

## Cuid 2: Aiseolás ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rangaíodh na torthaí de réir na réimsí seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir
- Cuspóir, Pleanáil agus 'Riachtanais an Chláir'
- Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?
- Teagasc agus Foghlaim
- Measúnú
- Gnóthachtáil a chúiteamh
- Réimsí Curaclaim: Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht.

## Tuairimí ginearálta maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir

Bhíothas den tuairim sa chomhairliúchán gur cloch mhíle thábhachtach, shuntasach é an dréacht-Ráiteas Cláir agus tabhairt isteach na gClár Foghlama L1 agus L2 sa tSraith Shinsearach , chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar, agus gur féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh i, agus tairbhe a bhaint as curaclam oiriúnach sa tsraith shinsearach. Cuireadh fáilte roimh an dréacht-Ráiteas Cláir i ngach suíomh oideachasúil ar tugadh cuairt air le linn an chomhairliúcháin, agus dúradh go raibh sé "cuimsitheach" agus "achomair". Dúradh gur chuir sé an scoláire i lár na foghlama i ngach cineál suímh oideachasúil.

*Ráiteas Cláir; an-dearfach, ag díriú go daingean ar an scoláire don phleanáil, teagasc agus foghlaim*

(Aighneacht scríofa)

Chuir na múinteoirí agus ceannairí scoile uile fáilte roimh an dréacht-Ráiteas Cláir a cuireadh i láthair mar aon cháipéis amháin do gach iar-bhunscoil agus scoil speisialta.

Thacaigh na rannpháirtithe go láidir leis an gcur chuige sainoiriúnaithe, scoláire-threoraithe i leith dhearadh na gclár a ndearnadh cur síos orthu sa dréacht-Ráiteas Cláir. Luadh gurb é an neamhspleáchas a tugadh do scoileanna is cúis leis an gcur chuige scoláire-threoraithe agus scoláire-lárnaithe. D'fháiltigh na rannpháirtithe chomh maith céanna roimh sholáthar roinnt "paraiméadar" agus "treorach", mar atá leagtha amach sa cháipéis, inar féidir le scoileanna a bheith ag obair ar chláir foghlama L1 agus L2 a dhearadh don scoláire.

*Tá an neamhspleáchas do scoileanna iontach-ceadaíonn sé dúinn breathnú ar an réimse leathan bealaí ina bhfaigheann an scoláire rochtain ar an gcuraclam agus conas aghaidh a thabhairt air i gceart*

(Príomhoide, Fócasghrúpa scoile)

## Cuspóir, Pleanáil agus 'Riachtanais an Chláir'

Dúradh go raibh na sé réimse curaclaim T1 (Uimhearthacht, Cumarsáid agus Litearthacht, Cúram Pearsanta, A Bheith Rannpháirteach i bPobal, Ceol agus na hEalaíona, A Bheith Gníomhach) "leathan", "éagsúil", "ábhartha" agus ina léiriú oiriúnach ar riachtanais agus spéiseanna an scoláire.

*Léirítear go cruinn an obair atá ar bun againn sa tsraith shinsearach faoi láthair*

(Suirbhé ar líne)

Ar an mbealach céanna, tacaíodh go coiteann leis na réimsí curaclaim T2 mar réimsí tábhachtacha. É sin ráite, moladh gurbh fhearr níos mó rogha a thabhairt don scoláire maidir leis na réimsí curaclaim agus na modúil. Thabharfadh sé sin níos mó solúbthachta do scoileanna freisin. Áiríodh an méid seo a leanas leis na moltaí: an tíreolaíocht, an stair, an ghairneoireacht, an tsochaí agus an pholaitíocht, ag cur rogha níos fearr ar fáil don scoláire agus do mhúinteoirí araon, dá bharr sin. Mar sin, mhol roinnt mhaith rannpháirtithe go mbeadh sé ní b'fheiliúnaí agus ní ba tharraingtí trí chroí-réimse curaclaim a bheith ann, is é sin: Cúram pearsanta, Uimhearthacht, Cumarsáid agus Litearthacht. Luadh gurbh fhearr go mbeadh gach réimse curaclaim agus modúil eile roghnach, chun a chinntiú gur féidir le scoileanna clár níos scoláire-threoraithe a chur ar fáil.

Mhol líon beag rannpháirtithe go gcuirfí modúil roghnacha ar fáil ag Leibhéal 1, chun teacht le soláthar na rogha ag Leibhéal 2.

Measadh gur gné dearthóireachta dhearfach é cineál modúlach na réimsí curaclaim agus ceadaíodh rogha scoláire dá bharr.

## Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?

Fáiltíodh go coiteann roimh an eolas agus an teanga a moladh sa chuid seo den dréacht-Ráiteas Cláir (lch.6). Dúradh gur teanga ionchuimsitheach a úsáideadh agus gur thóg sí ar chleachtas reatha na scoileanna. Bhí formhór na rannpháirtithe den tuairim gur leor an t-eolas a tugadh sa chuid seo chun treoir chuimsitheach agus struchtúr a thabhairt don phróiseas a bhaineann le scoláirí a aithint a mbeadh a bpróifíl feiliúnach don chlár foghlama T1 nó T2 den tsraith shinsearach.

Dúirt roinnt rannpháirtithe gurbh fhearr go mór seasamh leis an méid a bhíonn ar bun ag scoileanna cheana féin chun tacú le próifíl an fhoghlaimeora a aithint, is próifíl a bheadh feiliúnach chun tabhairt faoi na cláir seo.

*Tá an t-eolas leagtha amach go soiléir maidir le cé dó ar dearadh na cláir seo agus tugtar breac-chuntas cuimsitheach maidir le conas a bheartaíonn scoileanna, tuismitheoirí, agus an scoláire féin tabhairt faoin gclár seo*

(Suirbhé ar líne)

Aithníodh ailíniú na teanga sa chuid seo den Ráiteas Cláir le beartais eile, mar shampla, an tSamhail Leithdháilte do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (SLMOS). Cé go raibh rannpháirtithe go mór i bhfabhar na teanga sa chuid seo, bailíodh réimse tráchtanna in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara.

*Fáiltítear roimh an téarma 'moill forbartha ilréimseach' toisc gur téarma é a úsáidtear i dtuairiscí síceolaíocha*

(Aighneacht scríofa)

> *Tá gá le machnamh a dhéanamh chun an treoir a neartú. Seans go mbeadh deacracht ag scoileanna a aithint cé dóibh is fearr a bhfeileann an clár T2*
>
> (Aighneacht scríofa)

Moladh go mbeadh sé úsáideach gluais téarmaíochta a chur ar fáil chun an téarmaíocht nua a shoiléiriú.

## Teagasc agus Foghlaim

Dúradh gur léirigh an chuid seo den dréacht-Ráiteas Cláir (lch.16) príomhthréithe an teagaisc mhaith agus na foghlama maithe. Bhí *caveat* leis sin go bhféadfaí tuilleadh a chur leis. Luaigh roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí ról na bainistíochta scoile a neartú ar bhealach níos soiléire sa chuid seo. Dúradh arís is arís eile go bhfuil gá le tagairt níos feiceálaí anseo don oideolaíocht phraiticiúil fíorshaoil.

Aithníodh freisin go bhfuil gá le naisc thraschuraclaim shoiléire a dhéanamh laistigh agus ar fud na réimsí agus na n-ábhar curaclaim, chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Bhí go leor breathnuithe ann ó rannpháirtithe gur cheart béim a leagan sa chuid seo den Ráiteas Cláir ar dheiseanna foghlama gan ullmhú laistigh den scoil agus ar fud an phobail níos leithne.

Luaigh rannpháirtithe chomh maith go mbeadh sé cabhrach dá gcuirfí cás-staidéir agus eiseamláirí ar fáil den chaoi ar féidir an clár a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla. Luadh go bhféadfadh ábhar tacaíochta den chineál seo samplaí a roinnt de naisc ar fud réimsí curaclaim, dea-chleachtas oideolaíochta agus cuir chuige i leith nasc a bhunú leis an bpobal áitiúil níos leithne.

Dúirt rannpháirtithe gur mhian leo tuilleadh tacaíochta a fháil maidir le clár ama a chur le chéile.

Cé go ndúirt na rannpháirtithe uilig gur cheart "beocht" a chur sna cláir foghlama ionas go mbeidh foghlaim cheart i gceist, bhí sé seo ní ba shoiléire nuair a labhraíodh leis an scoláire féin mar chuid de na fócasghrúpaí scoilbhunaithe. Dúirt gach scoláire gurb iad an fhoghlaim phraiticiúil, ghníomhach, theagmhálach agus an rannpháirtíocht ina phobal áitiúil na gnéithe scoile ab fhearr leis.

Cé gur sainaithníodh sa chomhairliúchán gur gné thábhachtach de na cláir í an rannpháirtíocht sa phobal, aithníodh go gcruthódh sé seo dúshláin maidir leis an gcur i bhfeidhm, rud a dtabharfar aghaidh air i gCuid 3.

## Measúnú

Fuarthas amach sa chomhairliúchán gur léirigh an chuid seo den dréacht-Ráiteas Cláir (lgh.17-21) tábhacht ról an mheasúnaithe fhoirmithigh, éifeachtaigh, shuimithigh ó thaobh tacaíocht a thabhairt don scoláire de. Bhí go leor den aiseolas a tugadh dírithe ar an gContanam Dul chun Cinn agus ar Phunann an Scoláire.

### Contanam Dul chun Cinn

Bhailigh an Contanam Dul chun Cinn (lch.17), mar threoir i leith an mheasúnaithe fhoirmithigh, go leor aiseolais ar fud gach modha rannpháirteachais. D'fháiltigh na rannpháirtithe roimhe agus

measadh gur ag dearbhú an dea-chleachtais a bhí sé. Luaigh rannpháirtithe go dtacódh an bhéim ar an bpróiseas foghlama agus a nádúr incriminteach sa Chontanam Dul chun Cinn leis an measúnú leanúnach ar fhoghlaim an scoláire de réir mar a dhéanann an scoláire dul chun cinn i dtreo na dtorthaí foghlama a bhaint amach.

*[Leis an gContanam Dul chun Cinn] cuirtear ar chumas an mhúinteora dul chun cinn an scoláire a fheiceáil*

(Múinteoir, fócasghrúpa scoile)

Measadh go raibh sé seo ábhartha ag Leibhéal 1 go háirithe, nuair, i gcás roinnt mhaith scoláirí, a leagtar an bhéim d'fhoghlaim an scoláire ar dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo na dtorthaí foghlama.

*Níor cheart dúinn díriú níos mó ar thoradh foghlama foirfe a bhaint amach. Caithfimid díriú ar an gcéad chéim eile chun dul chun cinn a dhéanamh*

(Múinteoir, fócasghrúpa réigiúnach)

Dúirt go leor rannpháirtithe go n-úsáidfidís an teanga a moladh sa Chontanam Dul chun Cinn ina bpleananna tacaíochta don scoláire (PTS) agus ina chomhfhreagras le tuismitheoirí. Léirigh an freagraí go dtacódh sé ní hamháin leis an measúnú leanúnach, ach leis an bpleanáil don oideolaíocht agus thacódh sé leis an teagasc idirdhealaithe i ngach comhthéacs.

*Bíonn sé deacair dul chun cinn a fheiceáil sa seomra ranga agus cuireann an doiciméad ar chumas an mhúinteora é a fheiceáil fad is atá sé ag tarlú*

(Múinteoir, fócasghrúpa scoile)

Cé gur aontaigh rannpháirtithe ar fud gach modha rannpháirteachais gur gá go mbeadh an Contanam Dul chun Cinn ann, scríobhadh go leor tráchtanna sna haighneachtaí scríofa faoin gcur síos ar roinnt de na céimeanna dul chun cinn ar an gcontanam.

*D'fhéadfadh an Contanam Dul chun Cinn ar leathanach 17 mearbhall a chur ar roinnt scoileanna speisialta. Mar shampla, tá múinteoirí i scoileanna speisialta go hiomlán ar an eolas faoi Chonairí Tacaíochta Breise (Bunscoil) agus Conairí Dul chun Cinn (an tSraith Shóisearach).* É sin ráite, d'fhéadfaí mearbhall a chur ar dhaoine má thugtar isteach dhá shraith dhifriúla den Chontanam Dul chun Cinn sa tsraith shinsearach

(Aighneacht scríofa)

## Punann

Cé gur glacadh leis go bhfuil go leor ama agus spáis ag teastáil chun punann a chur le chéile (lch.19), d'aontaigh rannpháirtithe gur cheart iad a úsáid chun fianaise na foghlama a chur i dtoll a chéile agus measadh go raibh sé "riachtanach". Bhí go leor rannpháirtithe sásta gur cuireadh an 'baile' agus an 'pobal' san áireamh mar fhoinsí an eolais measúnaithe bharrthábhachtaigh, bharántúil.

*Ba cheart go mbeadh fianaise na foghlama sa bhaile mar chuid dá bpunanna. Is iomaí scoláire againn atá sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus i gcláir áitiúla. Ba cheart go mbeadh spás dó seo sa tSraith Shinsearach. Ní mór é seo a phearsantú, níor cheart go mbeadh sé cineálach*

(Múinteoir, fócasghrúpa scoile)

Fáiltíodh roimh thabhairt isteach treorach sa dréacht-Ráiteas Cláir, ionas go bhféadfadh duine éigin eile seachas an múinteoir fianaise na foghlama a fheiceáil, ach bhí roinnt amhrais ann faoi chomh maith. Cé gur aontaíodh go ginearálta go mbeadh sé seo an-oiriúnach agus cabhrach i gcomhthéacs na gcúntóirí riachtanais speisialta ag bailiú na fianaise seo don phunann, aithníodh go mbeadh sé ní ba dhúshlánaí más faoin tuismitheoir/caomhnóir a bheadh sé é seo a dhéanamh, nó faoin teiripeoir, nó aon ghairmí eile a d'fhéadfadh a bheith ag obair leis an scoláire.

Bhí sé soiléir ón aiseolas ó scoileanna go bhfuil fonn orthu tuilleadh treorach a fháil chun tacú leis na réimsí éagsúla a bhaineann le comhthiomsú na bpunann. Áirítear an méid seo a leanas leis na réimsí a sainaithníodh: na cineálacha agus samplaí oibre atá le cur san áireamh, stóráil na bpunann agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Dúirt scoláirí, a thug *Fillteán* ar a bpunann den chuid is mó (seachas aon scoláire amháin), gur thaitin sé go mór leo a bpunann a fhorbairt dá gclár foghlama don tsraith shóisearach, an chóip chrua agus na ríomhphunanna araon.

*Thaitin an bhainistíocht ama liom agus thaitin sé liom mo phunann a eagrú*

(Scoláire, fócasghrúpa scoile)

Thug rannpháirtithe tuilleadh sonraí faoi seo laistigh de chomhthéacs na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe agus réigiúnacha. Labhair siad go minic faoina thábhachtaí is a bhí an phunann don scoláire. D'inis siad scéalta faoi fhéinmhuinín mhéadaithe an scoláire tar éis dó a dhul chun cinn agus a ghnóthachtálacha féin a fheiceáil, de réir mar a d'éirigh a phunann níos mó agus níos mó.

Eagraíonn go leor scoileanna searmanas bronnta ar scoil chun na punanna a chur i láthair agus le go bhfeicfear iad. Cé go dtéann sé seo chun tairbhe mhór an scoláire, dúradh arís is arís eile go mbeadh buntáistí ní ba mhó ann don scoláire dá ndéanfaí bailíochtú seachtrach ar an bpunann. Ba é tuairim na coitiantachta é go bhfuil ríomhphunanna ábhartha agus nach nglacann sé an oiread sin ama iad a chur le chéile, ach ag an am céanna, ní raibh rannpháirtithe ag iarraidh fáil réidh leis an bpunann cruachóipe - tá áit ann don dá cheann.

Dúirt rannpháirtithe go rialta go bhfuil sé tábhachtach cuimhneamh nach mbeadh rochtain ag gach scoláire ar an mbonneagar digiteach agus nach mbeadh na scileanna ag gach scoláire tacú le punanna digiteacha. Ach laistigh den chomhthéacs sin, bhí go leor plé ann faoin smaoineamh a bhaineann le spás ar líne a chruthú chun ríomhphunanna a fhorbairt mar aon le teimpléad dóibh. Luadh go dtacódh sé seo le "bunús" agus "deimhniú" na punainne don scoláire.

Mhol roinnt rannpháirtithe go mbeadh tacaíochtaí cabhrach don mhúinteoir, amhail tairseach náisiúnta ar líne, i gcomhar le punanna cruachóipe, ionas gur féidir leis an múinteoir obair an scoláire a scanadh, rochtain a fháil uirthi agus í a uaslódáil chun ríomhphunann a chruthú. Bhí

roinnt mhaith rannpháirtithe den tuairim go bhféadfadh ríomhphunann a cuireadh i dtoll a chéile ar thairseach náisiúnta ar líne a bheith ina "pas oideachais", sa chaoi is go bhféadfadh sí taisteal leis an scoláire i ndiaidh na scoile. Measadh freisin gur áisitheoir í an ríomhphunann do chomhoibriú na scoile uile.

*Tá dúshlán mór romhainn múinteoirí príomhshrutha a spreagadh chun obair RSO a dhéanamh- caithfidh athrú teacht air seo agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thús maith dá mbeadh orthu obair a uaslódáil srl., chun aird a tharraingt ar a bhfreagrachtaí níos mó*

(Múinteoir, fócasghrúpa réigiúnach)

Spreag sé seo neart plé sna fócasghrúpaí maidir leis an réimse comhoibrithe laistigh de agus ar fud scoileanna. Tháinig an smaoineamh seo aníos arís is arís eile leis an gcuspóir céanna, is é sin tacú le tuiscint na múinteoirí ar na caighdeáin agus an méid ar cheart a bheith ag súil leis agus punann an scoláire á mheas acu. Luadh go dtacódh sé seo le múinteoirí breitheanna cothroma a dhéanamh ar obair an scoláire agus iad ag socrú leibhéal na gnóthachtála.

## Gnóthachtáil a chúiteamh

Fáiltíodh go haigeanta sna modhanna comhairliúcháin uile roimh bhronnadh an teastais (lch.21) ag Leibhéal 1/2 ar an CNC don scoláire i ndiaidh na gclár seo. Bhí rannpháirtithe den tuairim láidir go bhfuil sé ríthábhachtach gnóthachtálacha an scoláire a aithint go foirmeálta.

*Tá aitheantas dá chumas féin tuillte acu (Múinteoir, fócasghrúpa réigiúnach)*

Dhírigh formhór an aiseolais ar an tábhacht a bhaineann leis an deis a bheith ag gach scoláire aitheantas a fháil dá ghnóthachtálacha ag deireadh na sraithe sinsearaí. Anuas air sin, dúradh gur cheart go bhfaigheadh an scoláire a theastas/ ghradam ar an lá céanna, beag beann ar a shuíomh scoile nó cén leibhéal den ghradam ar thug sé faoi, agus gur cheart go dtabharfadh measúnóir seachtrach deimhniú dá obair. Bheadh measúnú seachtrach, dar le go leor rannpháirtithe, ina chéim i dtreo chothromaíocht an aitheantais. Léiríonn na sleachta seo a leanas an méid a dúradh arís is arís eile i rith an phróisis comhairliúcháin.

*Tá deimhniú seachtrach tábhachtach, le bheith ag teacht le cláir eile na Sraithe Sinsearaí ó pheirspictíocht gach duine a bhfuil baint aige léi...cuimsiú curaclaim...an tábhacht a mheastar a bheith ag cláir vis-à-vis na cláir eile dar leis na páirtithe leasmhara is tábhachtaí .i. na scoláirí féin agus na tuismitheoirí*

(Aighneacht scríofa)

*Ní mór don chláirseach a bheith ag barr thorthaí an scoláire*

(Príomhoide, fócasghrúpa scoile)

Mhol go leor rannpháirtithe na bearta dearbhaithe cáilíochta a ndearnadh cur síos orthu sa dréacht-Ráiteas Cláir. É sin ráite, bhí mian láidir ann níos mó soiléireachta a fháil maidir leis an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta, deimhniúcháin, agus cáilíochtaí, agus bhí tuilleadh eolais uathu maidir le "cén chuma a bheadh air". Is iad seo a leanas na ceisteanna coitianta a tháinig aníos i rith an chomhairliúcháin:

- An gceapfar comhlacht seachtrach, neamhspleách chun breathnú ar phunann an scoláire agus í a mheas?
- Cé a bheidh i gceannas air seo?
- An mbeidh an gradam ar an CNC?
- An bhfaighidh an scoláire 'Ardteistiméireacht'?

### Tuairisceoirí Gnóthachtála

Bhí an-ghlacadh leis na Tuairisceoirí Gnóthachtála (lch.22) agus dúradh go raibh foclaíocht dhearfach iontu agus go raibh siad scoláire-lárnaithe. Bailíodh go leor tráchtaireacht dhearfach toisc gur moladh trí thuairisc éagsúla don ghnóthachtáil.

*Déantar ceiliúradh ar gach scoláire ag an áit a bhfuil siad*

(Múinteoir, fócasghrúpa réigiúnach)

Ag Leibhéal 1, cé gur fáiltíodh roimh na trí thuairisceoir (Gnóthaithe, Gnóthaithe le Cumas, agus Gnóthaithe le Gradam), mhol roinnt rannpháirtithe tuairisceoir breise a bheith ann ag an leibhéal 'Taithí', a chuirfí roimh an tuairisceoir 'Gnóthaithe'. Is é an réasúnaíocht taobh thiar de seo ná go mbeadh roinnt scoláirí ag Leibhéal 1 ag fáil taithí ar na modúil seachas á ngnóthú.

*Is ionann gnóthú ag an leibhéal taithí agus gnóthaithe. D'fhéadfaí réiltín a chur leis lena rá má tá scoláire ag an leibhéal taithí, go gur ghnóthaigh sé sa chás sin*

(Múinteoir, fócasghrúpa réigiúnach)

Bhí roinnt tráchtaireachta ann gur seans go mbeadh gá le níos mó sonraí chun cur síos a dhéanamh ar an tuairisceoir 'Gnóthaithe le Gradam' mar thacaíocht don mhúinteoir. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh in iúl gur cheart don Ráiteas Cláir athshúil a chaitheamh ar lch.21 ina ndeirtear 'Bronnfar teastas ar scoláire ar bith a chuireann 16 mhodúl i gcrích go rathúil'. Is é an moladh ná gur cheart *cur i gcrích* a leasú chun léiriú ní b'fheiliúnaí a thabhairt ar rannpháirtíocht an scoláire.

## Réimsí Curaclaim: Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht.

Tá an t-aiseolas ar na dréacht-réimsí curaclaim leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Freagra ginearálta ar na réimsí curaclaim
- Struchtúr agus eagrú na réimsí curaclaim agus na modúl
- Freagairt ar gach réimse curaclaim.

### Freagra ginearálta ar na réimsí curaclaim

Bhí cuid mhór tacaíochta ann do na réimsí curaclaim a moladh. Bhíothas den tuairim go raibh an dearadh modúlach ríthábhachtach chun tacú le curaclam scoláire-threoraithe.

*Cuireann na modúil ar chumas an mhúinteora, a bhfuil an aithne is fearr aigesean ar an scoláire, an curaclam a réiteach de réir láidreachtaí agus riachtanais an scoláire*

(Múinteoir, fócasghrúpa scoile)

Tríd is tríd, measadh go raibh an dá réimse curaclaim - Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht - ábhartha agus inrochtana don scoláire chun a chuid foghlama ón tsraith shóisearach a neartú, dul chun cinn a dhéanamh, agus le go gcoinneoidh sé air ag foghlaim.

Tháinig go leor tráchtaireachta chun cinn maidir leis na leithdháiltí ama molta, go háirithe maidir leis an Uimhearthacht. Mhol roinnt freagróirí gur cheart an leithdháileadh ama don Uimhearthacht a laghdú le go mbeifear ábalta díriú níos mó ar réimsí eile atá chomh tábhachtach céanna don scoláire.

Nuair a bhreathnaítear orthu laistigh de Riachtanais an Chláir ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, dúirt rannpháirtithe go raibh an Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht ciallmhar, ábhartha agus gur léirigh siad foghlaim chuí don scoláire.

## Struchtúr agus eagrú na réimsí curaclaim agus na modúl

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh an réasúnaíocht atá leagtha amach i réimsí curaclaim na hUimhearthachta agus Cumarsáide agus Litearthachta. Léirigh an t-aiseolas go gcuimsíonn na réimsí curaclaim seo na scileanna agus an t-eolas tábhachtach atá á dteagasc ag an múinteoir don scoláire ar bhonn laethúil, agus a theastaíonn ón scoláire.

Go ginearálta, bhíothas sásta le struchtúr na modúl, lena gcuimsítear: tuairisceoir modúil; colún *foghlaimíonn an scoláire faoi* agus na torthaí foghlama coibhéiseacha. Measadh go raibh na torthaí foghlama ag teacht leis an bhfoghlaim thábhachtach a ndearnadh cur síos uirthi sa cholún *foghlaimíonn an scoláire faoi*. D'aithin rannpháirtithe go gcaithfidh na cláir foghlama freastal ar réimse leathan riachtanas foghlama sa dá leibhéal agus i ngach cineál comhthéacs scoile, agus tugadh moltaí maidir le torthaí foghlama ar leith chun feabhas a chur ar na réimsí curaclaim.

## Freagairt ar gach réimse curaclaim

San Uimhearthacht ag Leibhéal 1, rinneadh roinnt moltaí beaga go mbeadh roinnt torthaí foghlama breise ann. Luaigh rannpháirtithe gurb iomaí scoláire a mbeadh ábhar an airgid dúshlánach dó. Mhol rannpháirtithe go mór gur cheart fáil réidh leis an modúl 'Cruth agus Spás' ón réimse curaclaim toisc go gclúdaítear go cuimsitheach é sa tsraith shóisearach.

San Uimhearthacht Leibhéal 2, moladh go mbeadh tuilleadh torthaí foghlama ann maidir le teocht, cóimheas, agus criosanna ama. Moladh freisin go bhféadfaí roinnt torthaí foghlama in *Uimhreas a Thuiscint* a dhéanamh níos dúshlánaí don scoláire. Arís, luadh gur clúdaíodh Cruth agus Spás go cuimsitheach sa tsraith shóisearach agus dá bharr sin nár cheart é a chur san áireamh sa churaclam seo.

Thacaigh rannpháirtithe go mór le Cumarsáid agus Litearthacht ag Leibhéal 1 agus measadh go raibh sé feiliúnach do scoláirí na sraithe sinsearaí. Mhol rannpháirtithe go bhféadfaí tagairt níos soiléire a dhéanamh do thábhacht na mbealaí difriúla cumarsáide agus gur cheart tacú le rogha chumarsáide an scoláire mar an cineál cumarsáide atá aige. Moladh freisin gur cheart úsáid na teicneolaíochta digití a leabú sa réimse curaclaim.

Sa Chumarsáid agus Litearthacht ag Leibhéal 2, rinneadh roinnt moltaí beaga. Luaigh rannpháirtithe go bhféadfaí níos mó béime a chur ar scileanna cur i láthair sa réimse curaclaim seo

agus gurb iomaí scoláire a mbeadh roinnt torthaí foghlama in *Léiriú trí Scríbhneoireacht* dúshlánach dó.

# Cuid 3: Aiseolas eile a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán

Mar a luadh cheana, i rith an chomhairliúcháin rinne rannpháirtithe plé ar dheiseanna agus ceisteanna níos leithne do chur i bhfeidhm rathúil na gClár Foghlama. Bhí ocht réimse uileghabhálacha aiseolais ann:

- Soláthar curaclaim Leibhéal 3 na sraithe sinsearaí
- Ionchuimsitheacht cháilíochtaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Ailíniú teanga
- Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)
- Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil
- Am gairmiúil
- Stádas bunscoile na scoileanna speisialta
- Leanúnachas, dul chun cinn agus conairí i ndiaidh na sraithe sinsearaí.

## Soláthar curaclaim Leibhéal 3 na sraithe sinsearaí

Bhí éileamh mór ann ar fud na modhanna rannpháirteachais uile ar sholáthar curaclaim ag Leibhéal 3 na sraithe sinsearaí. Dúirt rannpháirtithe gur bealach é curaclam a chur ar fáil ag Leibhéal 3 do chohórt scoláirí na sraithe sinsearaí chun leibhéal cuí dúshláin a chur ar fáil do scoláirí a bhí ábalta rochtain a fháil ar mheascán de Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 sa tsraith shóisearach. Sampla a luadh go minic ba ea an scoláire a dteastaíonn cáilíocht Leibhéal 3 uaidh chun rochtain a fháil ar phrintíseacht. Luadh freisin gur gá go mbeadh an scoláire ábalta rochtain a fháil ar an leibhéal gradaim is airde atá indéanta dó.

## Ionchuimsitheacht cháilíochtaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Cé go raibh meas ar an athrú i dtreo curaclam agus gradam a chur ar fáil sa tsraith shinsearach chun a chinntiú go n-aithnítear foghlaim gach scoláire go foirmiúil, bhí imní ar roinnt bheag rannpháirtithe maidir le curaclam ar leith a chur ar fáil ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Bhí imní ar na rannpháirtithe sin nach mbeadh soláthar na gclár foghlama ar leith ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ag teacht leis an gcóras oideachais ionchuimsithigh a chinntiú ag gach leibhéal.

*Sa bhliain 2024 luífeadh sé le réasún go bhféadfaí féidearthacht na hionchuimsitheachta ar a laghad a chruthú laistigh den churaclam agus laistigh dá sholáthar, gan curaclaim ar leith ón am atá thart a athscríobh le go mbeadh an chuma air go bhfuil seanaithne ag an lucht léite air, ach an easpa samhaltaithe a choinneáil. Is deis nach dtapaítear í seo chun forbairt a dhéanamh, in áit treoracha ina bhféadfaí deiseanna oideachais a thabhairt do gach saoránach i bpobal atá cothrom lena bpiaraí nach bhfuil faoi mhíchumas intleachta agus ina bhféadfadh gach saoránach tuiscint a fháil ar an éagsúlacht agus foghlaim conas meas a léiriú uirthi. Is cor an-bhrónach inár stair oideachais é mura bhfuil sé seo ar an tosaíocht is práinní atá againn. Bheadh lámhleabhar chun deiseanna don éagsúlú agus don ionchuimsitheacht a léiriú (don scoláire atá faoi mhíchumas intleachta íseal measartha nó géar go trom) laistigh de gach réimse ábhair den tsraith shinsearach*

*ina chinneadh i bhfad níos forásaí, atá bunaithe ar pholasaí in 2024-25, agus léireodh sé meas ar chearta.*

(Aighneacht scríofa)

## Ailíniú teanga

Fáiltíodh go coiteann roimh an eolas agus an teanga a moladh sa chuid *Cé dó a ndeartar na cláir foghlama seo* den dréacht-Ráiteas Cláir (lch.6). Anuas air sin, bhí rannpháirtithe den tuairim láidir gur cheart glacadh leis an teanga agus leis an eolas a úsáidtear anseo  in CFL1 agus CFL2 na sraithe sóisearaí, chun an chomhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh cur chuige de agus chun a chinntiú go gcoinníonn an Ráiteas Cláir agus Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Treoirlínte do Mhúinteoirí suas leis an téarmaíocht agus teanga chomhaimseartha.

*Ní mór do gach páirtí leasmhar an teanga chomhionann seo a úsáid*

(Príomhoide, fócasghrúpa scoile)

## Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)

Aontaíodh go mbeadh an fhoghlaim ghairmiúil riachtanach má ritheann scoileanna an Ráiteas Cláir go rathúil agus ní mór an fhoghlaim ghairmiúil a chur ar fáil trí Ghaeilge chomh maith.

Ina theannta sin, leagadh béim ar thábhacht na foghlama gairmiúla *leanúnaí* don rannpháirtíocht thairbhiúil leis an Ráiteas Cláir agus gur cheart go mbeadh an fhoghlaim ghairmiúil riachtanach do *gach* múinteoir agus ceannaire scoile chun tacú le cleachtas comhoibríoch na scoile uile.

## Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil

Thug rannpháirtithe le fios gur bhain an-tábhacht le gach ceann de na cláir foghlama agus le héagsúlacht deiseanna agus comhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. É sin ráite, thug formhór na rannpháirtithe le fios go mbeadh maoiniú sa bhreis agus tuilleadh acmhainní ag teastáil do go leor eispéiris fhiúntacha scoláire chun scoileanna a chumasú lena mbaint amach.

*Bhí imní ann nach mbeadh scoileanna ábalta gach rogha a moladh sna hábhair roghnacha a chur ar fail agus dá bharr sin go mbeadh rogha theoranta ar fáil i scoileanna* (aighneacht scríofa)

I measc na réimsí ba mhó a shíl scoileanna a bheith dúshlánach a mhaoiniú bhí costais iompair, costais a bhaineann le heispéiris bhreise foghlama sa phobal, deiseanna taithí oibre agus acmhainní chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama praiticiúla fíorshaoil. B'ábhar imní freisin iad na dúshláin atá roimh scoileanna faoi láthair maidir le múinteoirí a earcú, ó thaobh chur i bhfeidhm rathúil chlár foghlama na sraithe sinsearaí de.

## Am gairmiúil

Léirigh an t-aiseolas nach mór smaoineamh ar ról MOS (i scoileanna príomhshrutha), ar ról na gComhairleoirí Gairmthreorach (má tá siad ar fáil) agus ar chomhordú an chláir go ginearálta, agus

na cláir foghlama T1 agus T2 á ndearadh. Dúirt gach suíomh scoile go bhfuil am ag teastáil uathu chun comhoibriú a dhéanamh agus tuairimí a lorg laistigh dá scoileanna chun críoch pleanála, comhordaithe agus measúnaithe.

Tháinig tuilleadh tráchtaireachta chun cinn maidir le luach na gcruinnithe inmheánacha deimhnithe, ní laistigh de na scoileanna amháin ach ar fud scoileanna chun tacú leis an gcur chuige caighdeánaithe i leith bhreithiúnas cothrom na múinteoirí agus fianaise na foghlama á meas acu. Luadh am freisin le linn an chomhairliúcháin maidir le pleanáil agus ullmhúchán do chur i bhfeidhm an Ráitis Cláir i Meán Fómhair 2024.

## Stádas bunscoile na scoileanna speisialta

Leag rannpháirtithe ó scoileanna speisialta béim ar easpa na gcineálacha tacaíochta ar leith a theastódh le cur ar chumas na scoileanna speisialta CFanna T1 agus T2 a chur i bhfeidhm. Ní mór na tacaíochtaí seo, atá ar fáil in iar-bhunscoileanna, a chur ar fáil do scoileanna speisialta chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchothroime a bhaineann le rochtain ar, agus maoiniú do, mhúinteoirí sainábhair chun tacú leis na cláir foghlama ar bhealach fiúntach dáiríre. I measc na samplaí a luadh tá ábhair T4, mar shampla, Staidéar Foirgníochta, Drámaíocht agus Eacnamaíocht Bhaile. Luadh go minic sa chomhairliúchán gur dúshlán do mhúinteoirí é easpa an ama ghairmiúil i scoileanna speisialta, nuair a bhaineann sé leis an bpleanáil chomhoibríoch agus an measúnú.

## Leanúnachas, dul chun cinn agus conairí i ndiaidh na sraithe sinsearaí.

Cé go rabhthas sásta leis an mbéim a leagadh ar chonair éagsúil gach scoláire ar scoil agus i ndiaidh na scoile, d’aithin scoileanna go mbainfidís tairbhe as tuilleadh treorach ó thaobh tacú le haistriú chuig an saol tar éis na scoile don scoláire atá ag tabhairt faoi CF T1 agus/nó T2 sa tsraith shinsearach. Lorg scoileanna treoir agus tacaíocht maidir leis an ról, ó chomhairleoirí gairmthreorach, má bhí siad ar fáil, agus daoine eile, laistigh agus lasmuigh den scoil araon, ar féidir leo ról gníomhach a imirt ó thaobh tacú le cinntí feasacha a dhéanamh faoi sheanchonairí agus conairí nua. Luadh gníomhaireachtaí seachtracha a d’fhéadfadh tacú le scoileanna sa chomhthéacs seo, ina measc: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS); agus an Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF).

# Cuid 4: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Tríd is tríd, glacadh go maith leis an dréacht-Ráiteas Cláir, measadh gur cloch mhíle thábhachtach, shuntasach é tabhairt isteach na gClár Foghlama T1 agus T2 sa tsraith shinsearach , chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar, agus gur féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh i, agus tairbhe a bhaint as curaclam oiriúnach sa tsraith shinsearach. Bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le plé agus díospóireacht ar ghnéithe lárnacha de chláir na sraithe sinsearaí. Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a ndéanfaidh an mheitheal forbartha measúnú air le linn dóibh an Ráiteas Cláir agus réimsí curaclaim na hUimhearthachta, agus na Cumarsáide agus Litearthachta a chur i gcrích.

Cuimsítear leis na príomhphointí le machnamh a dhéanamh orthu sa chomhthéacs seo:

- A chinntiú go bhfuil an teanga agus an t-eolas in *Cé dó ar dearadh na cláir foghlama* soiléir, feiliúnach, ionchuimsitheach agus go léiríonn siad na beartais ábhartha.
- Tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil faoi Riachtanais an Chláir, chun a chinntiú go bhfuil rogha ag an scoláire maidir lena ábhair roghnacha agus go bhfuil solúbthacht ag scoileanna maidir leis na hábhair roghnacha ar féidir leo a sholáthar.
- Tuilleadh tagartha a chur san áireamh do ról na ceannaireachta scoile maidir le cur i bhfeidhm na gclár foghlama.
- Tuilleadh soiléireacht a chur ar fáil faoin measúnú, go háirithe próiseas an deimhnithe inmheánaigh agus sheachtraigh.

Maidir leis na réimsí curaclaim, measadh go raibh an Chumarsáid agus Litearthacht ag L1 agus L2 leathan, cothrom, agus gur léirigh sé riachtanais an scoláire sa tsraith shinsearach. Moladh roinnt leasuithe beaga. Luadh roinnt moltaí chun feabhas a chur ar Uimhearthacht agus L1 agus L2, mar shampla, fáil réidh le *Cruth agus Spás*, agus beidh na moltaí seo mar chuid den réimse curaclaim athbhreithnithe.

Is fiú a lua gur léiríodh san aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí go bhfuil gá níos leithne le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, scoileanna agus suíomhanna agus iad ag cur na gclár seo i bhfeidhm sa tsraith shinsearach, lena n-áirítear am gairmiúil, foghlaim ghairmiúil agus dóthain acmhainní a chur ar fáil. Cé go bhfuil an t-aiseolas seo lasmuigh de scóip obair na meithle forbartha, tuairiscítear é le tuilleadh machnaimh a dhéanamh air.

## Tátal

Spreag an comhairliúchán maidir leis an dréacht-Ráiteas Cláir agus na dréacht-réimsí curaclaim (Uimhearthacht agus Cumarsáid agus Litearthacht) plé mór agus bhí go leor le foghlaim uaidh. Aithníonn CNCM rannpháirtíocht na rannpháirtithe agus gabhann buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe ar thaithí agus sainiúil a fuarthas. Léirítear san aiseolas ar an gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar an Dréachtráiteas Cláir agus ar na réimsí curaclaim, ach ag an am céanna, aithnítear go bhfuil soláthar na foghlama gairmiúla, tacaíochtaí agus acmhainní ríthábhachtach le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Cabhróidh an t-aiseolas ar na

doiciméid chun an Ráiteas Cláir agus na réimsí curaclaim a neartú a thuilleadh. Cabhróidh sé freisin bonn eolais a chur faoi fhorbairt na réimsí curaclaim breise atá luaite sa dréacht-Ráiteas Cláir agus a fhorbrófar mar chuid de shraith níos iomláine de ghnéithe curaclaim in 2024/2025.

# Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt na modúl leantacha CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b) Straitéis Taighde, 2023 - 2026 | CNCM CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (2023c) Beartas Cosanta Sonraí CNCM

# Aguisín 1: Liosta na Rannpháirtithe - eagraíochtaí

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a thug freagra ar an suirbhé ar líne agus/nó aighneacht ar líne, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo.

An Roinn Oideachais (Cigireacht)

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Foras na Gaeilge

Holy Family School for the Deaf, An Chabrach

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC) (torthaí suirbhé a rinne 32 tuismitheoir agus aighneacht le 13 tuismitheoir a d'fhreastail ar dhá imeacht comhairliúchán)

OIDE

Saint Mark's Special School, Droichead Nua

# Aguisín 2: Liosta na Rannpháirtithe – aighneacht ar líne

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair a thug freagra ar an aighneacht ar líne, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo.

Lauren Bradley

Margaret Flood, Ollscoil Mhá Nuad

Audrey Halpin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Judith Jennings

Niamh McConville

Sinéad Nic an Ultaigh

Julia Whelan

# Aguisín 3: Liosta na Rannpháirtithe – suirbhéanna ar líne

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair a thug freagra ar an suirbhé ar líne, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo.

M Nelligan Ahern

Gillian Burke

Fiona Burke

Róisín Clarke

Janice Conlon

J Cox

Noreen Devitt

Indira Doonan

Sarah Doyle

E Dunne

Karen Fahy

S Fay

Nuala Fee

Margaret Lavin

Maria Veronica Murphy

Nicola Mc Cann

T McGarry

Elaine McGinty

Cassie Ní Chatháin

David O'Brien

U O'Connor

Alison O'Neill

A Power

Helen Ryan

Martina Heavey

A Hoey

Andrea Hughes

Ashling Hutchings

Frances Shannon

Aoife Smith

Jean Marie Thompson

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment